gteic

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fhorbairt dhigiteach in iardheisceart na tíre. An bhfuil Gaeilge agat ar na focail seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte faoi na focail, féachaigí san fhoclóir.



- *community organisations* _____
- *digital hub* _____
- *grant* _____
- *Rural Renewal Fund* _____
- *reluctance* _____
- *in need, badly off* _____
- *Minister for Rural and Community Development* _____
- *Development Committee* _____
- *rural depopulation* _____
- *broadband* _____
- *tendering process* _____

Breathnaígí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 An bhfuil Gaeilge agat ar na logainmneacha seo thíos a bhí le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte féachaigí ar an suíomh idirlín – www.logainm.ie.

Iveragh Gaeltacht _____
Ballinskelligs _____
Ballaghisheen _____
Killeenleagh _____

Ceist 3 Féach ar an mír den dara huair agus tabhair cuntas gearr don duine in aice leat faoi ábhar na míre.

Ceist 4 '…Údarás na Gaeltachta..'

Bhí go leor samplaí den tuiseal ginideach sa mhír.

Bain amach na lúibíní sna samplaí seo a leanas agus cuir an t-ainmfhocal agus an t-alt (más ann dó) sa tuiseal ginideach.

Breathnaigh ar an tuairisc ansin le feiceáil an raibh an ceart agat.

pobal (an áit): _____
i láthair (an uair): _____
Comhchoiste (Gaeltacht) Uíbh Ráthaigh: _____
chun (cónaí): _____
cead (pleanáil): _____

Ceist 5 '…ar feadh…'

Cuir na focail seo a leanas in abairtí le tréimhsí ama áirithe a chur in iúl:

- ar feadh
- le
- go ceann
- i gceann

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

1. An bhfuil an scéal 'Tír na nÓg' ar eolas agat? Pléigí an méid atá ar eolas agaibh le chéile.
2. Baineann an scéal 'Tír na nÓg' le miotaseolaíocht na hÉireann. An bhfuil aon scéal miotaseolaíochta ar eolas agat ó chultúr eile? Cad é?
3. Rinne Seán Mac an tSíthigh tagairt do Naomh Pádraig i dtuairisc faoi fhorbairt teicneolaíochta. Cén fáth a bhfuil sé sin suntasach, dar leat?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

community organisations	eagraíochtaí pobail
digital hub	mol digiteach
grant	deontas
Rural Renewal Fund	Ciste Athnuachana Tuaithe
reluctance	leisce
in need, badly off	ar an gcaolchuid
Minister for Rural and Community Development	An tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail
Development Committee	Coiste Forbartha
rural depopulation	bánú tuaithe
broadband	leathanbhanda
tendering process	próiseas tairisceana

Ceist 2

Iveragh Gaeltacht	Gaeltacht Uíbh Ráthaigh
Ballinskelligs	Baile an Sceilg
Ballaghisheen	Bealach Oisín
Killeenleagh	An Chillín Liath

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4

pobal (an áit):	*pobal na háite*
i láthair (an uair):	*i láthair na huaire*
Comhchoiste (Gaeltacht) Uíbh Ráthaigh:	*Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh*
chun (cónaí):	*chun cónaithe*
cead (pleanáil):	*cead pleanála*

Ceist 5
Samplaí:

- ✓ Bhí mé sa Spáinn **ar feadh** seachtaine anuraidh. / Beidh mé sa Iodáil **ar feadh** trí seachtaine an bhliain seo chugainn.
- ✓ Tá mé anseo **le** mí anuas. / Tá mé ag freastal ar an ollscoil **le** bliain.
- ✓ Bí ar do shuaimhneas, beimid anseo **go ceann** tamaill.
- ✓ Beidh siad anseo **i gceann** coicíse. / Feicfidh mé **i gceann** cúpla lá thú.

Ceist 6
Roinn an rang i ngrúpaí agus tabhair deis do gach grúpa na ceisteanna a phlé le chéile.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. Tá fáilte curtha ag eagraíochtaí pobail i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh roimh an dá mhilliún euro atá ceadaithe chun mol digiteach a fhorbairt i mBaile an Sceilg. Fógraíodh an deontas mar chuid den 75 milliún euro a roinnfidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ar 24 togra ar fud na tíre faoin gCiste Athnuachana Tuaithe.

Séan Mac an tSíthigh
Beannaím uaim siar sibh a mhuintir Uíbh Ráthaigh. Deirtear go b'in é a dúirt Naomh Pádraig nuair a tháinig sé chomh fada le Bealach Oisín anseo, leisce air dul níos sia. Is fada pobal na háite seo ar an gcaolchuid, ach ar maidin bhí dea-scéala. D'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail go bhfuil dhá mhilliúin euro ceadaithe chun mol digiteach a thógáil i mBaile an Sceilg. Leis an airgead sin tógfar oifigí nua ina mbeidh spás oibre do bhreis agus leathchéad duine. Beidh ceangal banda leathain ardluais san áit agus an bhéim ar an teicneolaíocht is nua-aimseartha. Chomh maith leis sin, ceapfar bainisteoir togra ar feadh tréimhse trí bliana.

Áine Uí Bheoláin, Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh
'I láthair na huaire, níl ach sé dheasc againn ach áit bheag é.'

Is scéal iontach atá cloiste againn agus tá súil agam go mbeimid in ann daoine a mhealladh chun gnónna[1] a bhunú sa cheantar. Sin é an rud atá uainn – postanna[2] agus go mbeidh na háiseanna cuí gur féidir linn iad a thabhairt do dhaoine chun teacht anseo.

Séan Mac an tSíthigh
An t-éileamh deartha ag Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh agus Údarás na Gaeltachta le tacaíocht ó Choiste Forbartha na Sceilge.

Dónal Ó Liatháin, Bainisteoir Réigiúnach, Údarás na Gaeltachta
Scéal an-tábhachtach é, gan dabht, do cheantar Gaeltachta Uíbh Ráthaigh. Tá an *gteic* seo mar chuid de straitéis Údarás na Gaeltachta maidir le forbairt na *gteiceanna* fud fad na Gaeltachta. Tá os cionn 20 *gteic* forbartha againn ag an bpointe seo agus táimid ag cur leis an líon sin i gcónaí.

Séan Mac an tSíthigh
Cuirfidh an fhorbairt go mór le hiarrachtaí Thascfhórsa Uíbh Ráthaigh atá ag éirí dul i ngleic le bánú tuaithe anseo, trí dhaoine a mhealladh chun cónaithe agus chun oibre.

Caitlín Breathnach, Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh
Ceann de na príomhcheisteanna a bhíonn ag daoine agus iad ag déanamh fiosruithe linn, ná conas mar atá againn anseo ó thaobh cúrsaí leathanbhanda agus ó thaobh láithreacha oibre de. *So*, anois, beimid in ann a rá leo, *ok* tá *gteic* díreach forbartha i gCillín Liath ach tá ceann atá ar chaighdeán an-ard ar fad ag teacht ar an bhfód i mBaile an Sceilg.

Séan Mac an tSíthigh
Deir Údarás na Gaeltachta go bhfuil cead pleanála don bhforbairt faighte cheana féin agus súil acu tús a chur leis an bpróiseas tairisceana chomh luath agus is féidir.

Séan Mac an tSíthigh, Nuacht TG4 i mBaile an Sceilg.

[1] *gnóthaí* an leagan caighdeánach
[2] *poist* an leagan caighdeánach